**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0268/2020**

17.12.2020

*******

# MOLADH

maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích leasuithe ar an gComhaontú maidir le comhar faoi dhéileáil le truailliú na Mara Thuaidh ag ola agus ag substaintí dochracha eile (Comhaontú Bonn) a mhéid a bhaineann le leathnú raon feidhme an Chomhaontaithe sin agus le haontachas Ríocht na Spáinne leis an gComhaontú sin
(11487/2020 – C9-0351/2020 – 2020/0205(NLE))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir: Pascal Canfin



*Aontaithe san éagsúlacht*

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ......................................................................8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..........9

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích leasuithe ar an gComhaontú maidir le comhar faoi dhéileáil le truailliú na Mara Thuaidh ag ola agus ag substaintí dochracha eile (Comhaontú Bonn) a mhéid a bhaineann le leathnú raon feidhme an Chomhaontaithe sin agus le haontachas Ríocht na Spáinne leis an gComhaontú sin**
**(11487/2020 – C9-0351/2020 – 2020/0205(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (11487/2020),

– ag féachaint don dréachtchinneadh ó na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú maidir le comhar faoi dhéileáil le truailliú na Mara Thuaidh ag ola agus ag substaintí dochracha eile i ndáil le leathnú raon feidhme an Chomhaontaithe sin d’fhonn oibriú i gcomhar le chéile i dtaca le faireachas i leith cheanglais Iarscríbhinn VI a ghabhann le Coinbhinsiún MARPOL (11490/2020),

– ag féachaint don dréachtchinneadh ó na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú maidir le comhar faoi dhéileáil le truailliú na Mara Thuaidh ag ola agus ag substaintí dochracha eile i ndáil le haontachas Ríocht na Spáinne leis an gComhaontú (11493/2020),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 192(1), Airteagal 196(2) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0351/2020),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0268/2020),

1. ag tabhairt a toilithe na leasuithe ar an gComhaontú a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na bPáirtithe Conarthacha sa Chomhaontú.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is comhaontú réigiúnach é an Comhaontú maidir le comhar faoi dhéileáil le truailliú na Mara Thuaidh ag ola agus ag substaintí dochracha eile (Comhaontú Bonn)[1] chun an mhuirthimpeallacht agus leasanna na Stát cósta ar Páirtithe Conarthacha iad a chosaint. Díríonn sé ar thruailliú sa Mhuir Thuaidh a chomhrac chomh maith le limistéir chósta a chosaint ar thubaistí mara agus ar thruailliú fadtéarmach de bharr longa agus suiteálacha amach ón gcósta. Trí chomhar gníomhach agus trí chúnamh frithpháirteach a chur ar fáil, déanann na Páirtithe Conarthacha faireachán chun cabhrú le truailliú a bhrath agus a chomhrac agus chun sáruithe ar rialacháin frith-thruaillithe a chosc.

Síníodh céad-Chomhaontú Bonn in 1969 agus chuaigh sé i ngleic le truailliú ola, agus leis sin amháin. Cuireadh Comhaontú Bonn nua ina áit sa bhliain 1983, a raibh raon feidhme níos leithne aige, chun dul i ngleic le truailliú ó shubstaintí dochracha eile chomh maith le hola. Cumhdaíonn raon feidhme geografach an Chomhaontaithe an Mhuir Thuaidh agus na huiscí thart uirthi[2]. Tá Páirtithe Conarthacha freagrach as faireachas agus measúnú a dhéanamh ar eachtraí a tharlaíonn sna criosanna geografacha éagsúla atá faoina gcúram.

Is iad sínitheoirí an Chomhaontaithe rialtais Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Phoblacht na Fraince, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na hÉireann, Ríocht na hÍsiltíre, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus an tAontas Eorpach.

Chuir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (‘CEE’) an Comhaontú i gcrích trí Chinneadh 84/358/CEE ón gComhairle[3]. Rinneadh tuilleadh leasuithe ar an gComhaontú in 1989. Formheasadh na leasuithe sin trí Chinneadh 93/540/CEE ón gComhairle[4] agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Aibreán 1994.

An 7 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle cinneadh[5] a thugann údarú don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, ar leasuithe ar raon feidhme ábhartha agus geografach an Chomhaontaithe (‘leasú MARPOL[6]’ agus ‘leasú na Spáinne’ mar a thugtar orthu faoi seach).

---

[1] Comhaontú maidir le comhar faoi dhéileáil le truailliú na Mara Thuaidh ag ola agus ag substaintí dochracha eile (Comhaontú Bonn) (IO L 188, 16.7.1984, lch. 9).

[2] Áirítear sa limistéar sin an Mhuir Thuaidh féin, an Skagerrak, Muir nIocht agus na huiscí thart uirthi agus uiscí eile lena gcuimsítear Muir Éireann, an Mhuir Cheilteach, Muir Mhálanna, an Mhaoil Thuaidh, an Mhaoil Theas, cuid de Mhuir na hIorua agus codanna den Atlantach Thoir Thuaidh.

[3] Cinneadh 84/358/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1984 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le comhar faoi dhéileáil le truailliú na Mara Thuaidh ag ola agus ag substaintí dochracha eile (IO L 188, 16.7.1984, lch. 7).

[4] Cinneadh 93/540/CEE ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 1993 lena bhformheastar leasuithe áirithe ar an gComhaontú maidir le comhar faoi dhéileáil le truailliú na Mara Thuaidh ag ola agus ag substaintí dochracha eile (Comhaontú Bonn) (IO L 263, 22.10.1993, lch. 51).

[5] Cinneadh (AE) 2019/1727 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an dara Cruinniú Aireachta de Chomhaontú Bonn maidir leis an Dearbhú Aireachta agus Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Chomhaontú Bonn (BASAP) 2019-2025 a ghabhann leis (IO L 263, 16.10.2019, lch. 9).

[6] Glacadh an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) an 2 Samhain 1973 ag ceanncheathrú na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO).

Fairsingíonn leasú MARPOL raon feidhme chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe ionas go gcumhdaítear truailliú aeir ó longa arna rialú ag Iarscríbhinn VI[7] a ghabhann le Comhaontú MARPOL. Is é atá mar aidhm leis ná comhar agus comhordú a fheabhsú idir na Páirtithe Conarthacha chun astaíochtaí aeir neamhdhleathacha arb í an loingseoireacht is cúis leo a chomhrac chun teorainn a chur leis na hiarmhairtí diúltacha do shláinte an duine, don bhithéagsúlacht agus don mhuirthimpeallacht ó dhóchán breoslaí muirí ina bhfuil ardchion sulfair nó nítrigine. Mar thoradh air sin, leasaítear gnéithe éagsúla den Chomhaontú, eadhon a theideal, a bhrollach agus Airteagail 1, 5, 6 agus 15.

Baineann leasú na Spáinne le fairsingiú geografach an Chomhaontaithe tar éis an chuiridh a tugadh do Ríocht na Spáinne aontú don chomhaontú réigiúnach sin. I ndáil leis sin, leasaítear an brollach, Airteagal 2 agus an Iarscríbhinn.

D'aontaigh na Páirtithe Conarthacha leis na leasuithe sin d'aon toil le linn chruinniú an 9 go 11 Deireadh Fómhair 2019. Cuireadh na leasuithe faoi bhráid an Aontais lena gcur i gcrích. Beidh ar Ríocht na Spáinne síneadh an Chomhaontaithe chuig a réimse freagrachta a dhaingniú faoi Airteagal 20 den Chomhaontú.

An 28 Lúnasa 2020, rinne an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le faomhadh leasú MARPOL agus leasú na Spáinne a chur faoi bhráid na Comhairle. I gcomhréir le hAirteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chinn an Chomhairle an 3 Samhain 2020 a iarraidh ar an bParlaimint a toiliú a thabhairt don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le cur i gcrích na leasuithe ar an gComhaontú.

Beidh glacadh leasú MARPOL agus leasú na Spáinne ar an gComhaontú ina chéim thábhachtach i dtreo leibhéal cosanta níos airde don mhuirthimpeallacht i limistéar geografach níos fairsinge den Mhuir Thuaidh. Is geal leis an rapóirtéir an dréachtchinneadh ón gComhairle dá bhrí sin agus molann sé don Pharlaimint a toiliú a thabhairt.

[7] Tháinig Iarscríbhinn VI de MARPOL i bhfeidhm an 19 Bealtaine 2005 agus baineann sí le truailliú aeir ó longa a chosc.

# AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Formheas leasuithe ar an gComhaontú maidir le Comhar faoi Dhéileáil le Truailliú na Mara Thuaidh ag Ola agus ag Substaintí Dochracha Eile (Comhaontú Bonn) a mhéid a bhaineann le leathnú a raoin feidhme ábhartha agus thíreolaíoch |
| **Tagairtí** | 11487/2020 – C9-0351/2020 – 2020/0205(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú** | 5.11.2020 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>11.11.2020 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>11.11.2020 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | TRAN<br>24.9.2020 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Pascal Canfin<br>12.10.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 15.12.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 77<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nikos Androulakis, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurelia Beigneux, Monika Beňová, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Eleonora Evi, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Catherine Griset, Jytte Guteland, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Ryszard Antoni Legutko, Javi López, César Luena, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Dan-Ştefan Motreanu, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Linea Søgaard-Lidell, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Edina Tóth, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Manuel Bompard, Catherine Chabaud, Karin Karlsbro, Ondřej Knotek |
| **Dáta don chur síos** | 17.12.2020 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 77 | + |
|---|---|
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin Oesterlé, Christian Doleschal, Agnès Evren, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Dan Ştefan Motreanu, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Christine Schneider, Edina Tóth, Pernille Weiss, Michal Wiezik |
| S&D | Nikos Androulakis, Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Cyrus Engerer, Jytte Guteland, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| Renew | Pascal Canfin, Catherine Chabaud, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Ondřej Knotek, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Nicolae Ştefănuță, Linea Søgaard-Lidell, Nils Torvalds |
| ID | Simona Baldassarre, Aurelia Beigneux, Marco Dreosto, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Joëlle Mélin, Luisa Regimenti, Silvia Sardone |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Bas Eickhout, Eleonora Evi, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus |
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Joanna Kopcińska, Ryszard Antoni Legutko, Rob Rooken, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |
| GUE/NGL | Manuel Bompard, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Silvia Modig, Mick Wallace |

| 0 | - |
|---|---|

| 0 | 0 |
|---|---|

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh